Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2107

6.11.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 171/2025**

**an 11 Iúil 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/2107]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle ([1]), arna cheartú le IO L 169, 4.7.2023, lch. 35, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2023/1230 aisghairtear, le héifeacht ón 14 Eanáir 2027, Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), treoir atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá réir sin faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 14 Eanáir 2027.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XXIV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasaítear í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1i (Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '1j. **32023 R 1230**: Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1), arna cheartú le IO L 169, 4.7.2023, lch. 35.

   Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

   (a) In Airteagal 3(15) agus Airteagal 9, pointe (c) d'Airteagal 30(7), roinn 1.5.7. d'Iarscríbhinn III, pointe (k) de Chuid A d'Iarscríbhinn IV, agus roinn 6 de Chuid A agus roinne 5 de Chuid B d'Iarscríbhinn V, cuirfear na focail 'reachtaíocht um chomhchuibhiú is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'reachtaíocht shonrach um chomhchuibhiú is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'reachtaíocht eile um chomhchuibhiú is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'reachtaíocht ábhartha eile um chomhchuibhiú is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú' nó 'reachtaíocht shonrach an Aontais um chomhchuibhiú' nó 'reachtaíocht eile an Aontais um chomhchuibhiú' nó 'reachtaíocht ábhartha eile an Aontais um chomhchuibhiú' faoi seach.

   (b) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 6(9):

   'Díolmhaítear Lichtinstéin ó na sonraí agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 a bhailiú agus a sholáthar'.

   (c) In Airteagal 9, cuirfear na focail 'an reachtaíocht shonrach sin is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'an reachtaíocht shonrach sin de chuid an Aontais'.

   (d) In Airteagal 21(3) agus Airteagal 22(3), cuirfear na focail 'níos mó ná gníomh reachtach amháin is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'gníomh reachtach amháin is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'gníomh dlí amháin nó níos mó de chuid an Aontais' nó 'gníomh dlí amháin de chuid an Aontais' faoi seach.

   (e) In Airteagal 21(3), Airteagal 22(3) agus Airteagal 44(3), agus ranna 1.7.1.2., 1.7.4.2. agus 2.1.1. d'Iarscríbhinn III, cuirfear na focail 'na ngníomhartha reachtach is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'gníomhartha reachtach is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'ngníomhartha reachtach sonracha is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'gníomhartha reachtach sonracha is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' nó 'sna gníomhartha reachtach ábhartha is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais' nó 'gníomhartha dlí de chuid an Aontais' nó 'ghníomhartha dlí sonracha an Aontais' nó 'gníomhartha dlí an Aontais' nó 'i ngníomhartha ábhartha dlí an Aontais' faoi seach.

([1]) IO L 165, 29.6.2023, lch. 1.
([2]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.

(f) In Airteagal 35(1), cuirfear na focail ‘faoin reachtaíocht is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE’ in ionad na bhfocal ‘faoi roinnt gníomhartha de chuid an Aontais’.

(g) In Airteagal 49(4), cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le hÚdarás Faireacháin CSTE, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme de bhun Chomhaontú LEE’ isteach tar éis na bhfocal ‘dlí an Aontais is infheidhme’.’

2. Scriostar téacs phointe 1c (Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) le héifeacht ón 20 Eanáir 2027.

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2023/1230, arna cheartú le IO L 169, 4.7.2023, lch. 35, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Iúil 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.